Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

# An Chéad Bhliain: Tuarascáil Bhliantúil 2018



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Project Ireland 2040

Building Ireland's Future

# Clár Ábhar

1. Léargas Ginearálta agus Comhthéacs Geilleagrach ........ 2

2. Ár dTorthaí Straitéiseacha Náisiúnta a Sholáthar ........ 5

3. An Toise Spásúil ........ 23

4. Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm a Athchóiriú ........ 28

# Mír 1:

# Léargas Ginearálta agus Comhthéacs Geilleagrach

Is é Tionscadal Éireann 2040 an straitéis uileghabhálach fhadtéarmach chun tír níos fearr a dhéanamh d'Éirinn do gach duine a chónaíonn ann. Is ionann Tionscadal Éireann 2040 agus cur chuige nua i dtaobh forbairt shóisialta agus gheilleagrach. Bhí an infheistíocht phoiblí leata ró-ghann agus rinneadh cinntí infheistíochta a tháinig salach ar straitéis spásúlachta níos fairsinge i gcur chuige roimhe seo.

Faoin mbliain 2040, beidh aon mhilliún duine breise ag cónaí inár dtír. Tá mar chuspóir ag Tionscadal Éireann 2040 chun freastal ar an mborradh ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe agus chun an infheistíocht a chur i bhfeidhm a theastaíonn lena chur ar ár gcumas an rath a bhaint. Sa dara bliain ó seoladh é, tá feabhas á chur ag Tionscadal Éireann 2040 ar nascacht réigiúnach, agus tá tacaíocht á tabhairt d'iomaíochas náisiúnta agus tá feabhas á chur ar inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Ba dhearfach, den chuid ba mhó, cúlra geilleagrach Thionscadal Éireann 2040 in 2018 agus isteach in 2019. Tháinig fás 4.5% ar an ngeilleagar agus b'ionann an líon daoine a bhí fostaithe ag deireadh na bliana agus 2.281 milliún. Dá ainneoin sin, tá rioscaí soiléire agus láithreacha ann – is iad siúd is láithrí na cinn a chruthaíonn Brexit. Mar fhreagairt dó seo agus do dhúshláin níos fairsinge, croíghné de straitéis an Rialtais chun athléimneacht gheilleagrach níos fearr a chruthú is ea dul i ngleic le heasnaimh amach anseo agus an acmhainn a leabú le haghaidh bhorradh gheilleagar na hÉireann amach anseo.

## 1.1 An Comhthéacs Geilleagrach don Chéad Bhliain

In 2018, lean Éire le bheith i measc na ngeilleagar is tapúla fás san Aontas Eorpach. Tháinig méadú 6.7% ar OTI agus tháinig méadú 5.9% ar OTN in 2018. Éileamh intíre deiridh mionathraithe – athróg níos fearr don gheilleagar intíre – tháinig fás 4.5% air in 2018.[1] Is tábhachtach go leanann borradh sa gheilleagar le bheith leathanbhunaithe agus go ndéanann na hearnálacha intíre agus ilnáisiúnta bun-ranníocaíochtaí leis.


Taispeánann na sonraí gur tháinig moilliú ar luas an bhorrtha i rith an dara leath den bhliain 2018. Is ann do rioscaí go fóill sa gheilleagar domhanda agus oibríodh an chéad bhliain de Thionscadal Éireann 2040 in aghaidh chúlra éiginnteacht Brexit. Tugann an comhthéacs seo chun solais an gá atá le cuspóirí foriomlána Thionscadal Éireann 2040 a bhaint amach i dtaobh an stoic náisiúnta bhonneagair a fhairsingiú agus patrún spásúil na forbartha a athrú.

[1] Cuntais Náisiúnta Ráithiúla an POS Ráithe 4 2018

## 1.2 Borradh Infheistíochta sa Chéad Bhliain

Déantar Tionscadal Éireann 2040 a thuar bunaithe ar mhéadú géar ar infheistíocht san earnáil phoiblí agus phríobháideach i gcaitheamh an mheántéarma. Tugadh seo faoi deara sa chéad bhliain, inar lean borradh leanúnach ag teacht ar thógáil agus foirgníocht. Tuartar go leanfaidh sé seo isteach sa mheántéarma.


**Infheistíocht iomlán i bhfoirgníocht agus tógáil[2]**




Foinse: 2000-2017 ón POS agus 2018-2023 ón Roinn Airgeadais

D'éirigh le hÉire áit níos airde a bhaint amach sa rangú arís i gcomhthéacs idirnáisiúnta comparáideacha a bhuíochas le borradh a tháinig le déanaí ar leibhéil infheistíochta.

**Infheistíocht mar scairchaipiteal de OTI/OTN san Eoraip**




Foinse: Eurostat agus an POS


Buntacaíonn fairsingiú 24% ar an gClár Caipitil Poiblí in 2019 le Tionscadal Éireann 2040 a sholáthar.

**Infheistíocht an Státchiste i ngach Roinn, 2018 agus 2019**

| Grúpa Vóta Roinne | 2018 €m | 2019 €m |
|---|---|---|
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 250 | 255 |
| Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht | 527 | 620 |
| Leanaí agus Gnóthaí Óige | 26 | 32 |
| Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol | 187 | 277 |
| Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht | 53 | 76 |
| Cosaint | 95 | 106 |
| Oideachas agus Scileanna | 744 | 941 |
| Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach | 6 | 14 |
| Airgeadas | 23 | 26 |
| Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | 12 | 21 |
| Sláinte | 513 | 667 |
| Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | 1,774 | 2,137 |
| Dlí agus Ceart agus Comhionannas | 129 | 205 |
| Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | 188 | 201 |
| Forbairt Tuaithe agus Pobail | 87 | 141 |
| Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 1,312 | 1,613 |
| **Iomlán** | **5,928** | **7,332** |

Leanfaidh borradh ag teacht ar infheistíocht isteach sa bhliain 2020 agus ina dhiaidh sin agus bainfidh Éire rangú amach arís i measc na dtíortha is mó a infheistíochta san Eoraip.

**Infheistíocht an Státchiste faoi Thionscadal Éireann 2040**




Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

[2] Faoi mar a rinneadh a thomhas ag táscaire staitistiúil an Fhoirmithe Caipitil Sheasta

## 1.3 Struchtúr na Tuarascála

Leagtar amach sa tuarascáil seo dul chun cinn a baineadh amach sa chéad bhliain de Thionscadal Éireann 2040. Tugtar cuntas i Mír 2 ar an bpríomh-aschur a soláthraíodh faoi gach ceann de Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta Thionscadal Éireann 2040, is iad seo a leanas iad:

1. Borradh dlúth
2. Inrochtaineacht fheabhsaithe réigiúnach
3. Geilleagair agus pobail neartaithe tuaithe
4. Soghluaisteacht inbhuanaithe
5. Geilleagar láidir lena dtacaíonn an fhiontraíocht, an nuálaíocht agus scileanna
6. Nascacht idirnáisiúnta
7. Taitneamhacht agus oidhreacht fheabhsaithe
8. Ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide
9. Bainistíocht acmhainní uisce agus comhshaoil inbhuanaithe
10. Cúram leanaí, Oideachas agus sláinte ardchaighdeáin

Tugtar chun solais i Mír 2, chomh maith, na tosaíochtaí ardleibhéil don bhliain 2019 faoi gach toradh.

Déantar nuashonrú i Mír 3 ar dhul chun cinn le toise spásúil Thionscadal Éireann 2040 agus déantar cur síos ann ar athrú reachtaíochta agus ar institiúidí nua a bunaíodh chun beartas pleanála náisiúnta a chur i bhfeidhm.

Léirítear i Mír 4 réimse athruithe institiúide agus eagraíochta a cuireadh i bhfeidhm in 2018 chun tacú le Tionscadal Éireann 2040 a sholáthar. Déantar cur síos, chomh maith, sa mhír seo ar roinnt athruithe atá le cur i bhfeidhm in 2019 a bhfuil de chuspóir acu feabhas a chur ar rialachas tionscadail, cruinneas níos fearr a bhaint amach nuair a bhíonn costais tionscadail á réamh-mheas agus níos mó athchóirithe a bhaint amach sna próisis nuair a bhíonn tionscadail á roghnú agus á soláthar.



# Mír 2:
# Ár dTorthaí Straitéiseacha Náisiúnta a Sholáthar

Leag Tionscadal Éireann 2040 deich dToradh Straitéiseacha Náisiúnta (TSNanna) amach, a bhí bunaithe ar théamaí uileghabhálacha na folláine, an chomhionannais agus deiseanna. Déanann na deich dtosaíocht nasc a leabú idir an cur chuige nua i leith pleanáil spásúlachta agus ár straitéis infheistíochta poiblí náisiúnta. Rinneadh dul chun cinn soiléir sa chéad bhliain de Thionscadal Éireann 2040 i measc gach TSN, faoi mar a leagtar amach sa Mhír seo.



## 2.1 Borradh Dlúth


Rinneadh tiomantas soiléir i dTionscadal Éireann 2040 chun tacú le borradh uirbeach dlúth agus cliste chun gur féidir fairsingiú oiriúnach ár mbailte agus ár gcathracha a chinntiú a dtacóidh poist, tithe, seirbhísí agus fóntais leis. Seo an cur chuige a theastaíonn, seachas sraoilleáil uirbeach neamhphleanáilte agus neamhgheilleagrach.

Seoladh an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach in 2018 agus bhí buiséad iomlán €2 billiún aige i gcaitheamh na tréimhse a fhad le 2027. Tacaíonn an Ciste le borradh inbhuanaithe sna cúig chathair, na bailte móra (ina bhfuil daonra os cionn 10,000 duine) agus i roinnt bailte níos lú in Éirinn a fheidhmíonn mar lárionaid thábhachtacha fostaíochta. Léirítear sa tábla thíos na 15 thionscadal rathúla ba mhó ón gcéad ghairm ar iarratais faoin gCiste.

| Príomh-chomhairle | Tionscadal |
|---|---|
| Port Láirge | Cathair Phort Láirge agus Purláin - na Céanna Thuaidh |
| Cill Chainnigh | Ceathrú na Mainistreach (cumasú na Ríochta Poiblí) |
| Sligeach | Droichead na Garbhóige Thoir |
| An Mhí | Tionscadal Bainistíochta Talún Gníomhaí na hUaimhe |
| Cill Mhantáin | Droichead Iompair Phoiblí Bhré |
| Maigh Eo | Ceathrú Nuálaíochta Bhéal an Átha |
| Baile Átha Cliath Theas | Lár Bhaile Thamhlachta (Plás Cathartha/Nascbhóthar) |
| Uíbh Fhailí | Ceantar Uirbeach Thulach Mhór (Ríocht Phoiblí) |
| Cathair na Gaillimhe | Tionscadail Chumasaithe Rothaíochta agus Siúil |
| Liatroim | Ríocht Phoiblí Chora Droma Rúisc |
| Tiobraid Árann | Athghiniúint Uirbeach Chluain Meala 2030 |
| Contae na Gaillimhe | Uasghrádú Thimpeallán na Máirtíneach sna hArdáin |
| An Iarmhí | An Halla Dubh, an Muileann gCearr |
| Laois | Port Laoise - Ceathrú Chultúrtha |
| Fine Gall | Athghiniúint Ríocht Phoiblí Bhaile Brigín |


Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

**De réir Uimhreacha: Borradh Dlúth Uirbeach**




Tugtar treocht mhéadaitheach de thithíocht á críochnú le fios sna sonraí inár n-ionaid uirbeacha – tá seo ar aon dul le cuspóir an bhorrtha uirbigh dhlúith.


**An deighilt idir áiteanna cónaithe uirbeacha / tuaithe atá á gcríochnú**




Foinse: An POS

Agus súil á caitheamh chun tosaigh ar fhorbairt amach anseo, tá borradh mear tugtha faoi deara ar thithíocht atá á tosú le blianta beaga anuas – cé gur tháinig an borradh sin ó leibhéal ró-íseal.

**Aonaid chónaithe a tosaíodh de réir Ráithe**




Foinse: An POS

Chun tacaíocht bhreise a thabhairt don chuspóir borrtha dhlúith, foilsíodh treoirlínte reachtúla le haghaidh údaráis phleanála faoin Acht Pleanála agus Forbartha, 2000 (arna leasú) chun airde thógála mhéadaithe a spreagadh agus a éascú i gceantair uirbeacha.

Tugadh chun solais sna sonraí maidir le críochnuithe tithíochta an dúshlán a bhaineann lena chinntiú go ndéantar leibhéal níos airde d'árasáin a chríochnú. Lena chabhrú chun an soláthar a bhrostú, thug an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil faoi athbhreithniú ar Thithíocht Uirbeach Inbhuanaithe 2015: Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála. Tugadh treoirlínte nuashonraithe chun críche in 2018 faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Tá na hathruithe seo in ainm is borradh breise inbhuanaithe a chumasú.

Tá an tsoiléireacht agus an chobhsaíocht riachtanach bheartais i bhfeidhm tríd an gCreat Pleanála Náisiúnta agus na treoirlínte leasaithe maidir le hairdí árasán agus foirgneamh agus tá leibhéil shuntasacha de thionscadail tithíochta, árasáin ina measc, á bhfaomhadh ag próiseas iarratais Forbartha Tithíochta Straitéisí an Bhoird Phleanála.

## 2.2 Inrochtaineacht Fheabhsaithe Réigiúnach

I gcroílár Thionscadal Éireann 2040, tá an cuspóir beartais chun tacú le borradh réigiúnach cothrom. Chun buntacú leis seo, tá an Rialtas tiomanta d'inrochtaineacht réigiúnach níos fearr a chumasú.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2018 ar naisc nua iompair a fhorbairt trí na céimeanna breithmheasa, pleanála agus soláthair. Faoi mar a leagtar amach i dTionscadal Éireann 2040, aidhm straitéiseach atá i bhfeabhas a chur ar rochtain ar an iarthuaisceart chun tacú le forbairt chothrom náisiúnta. Casadh an fód i bhFeabhra 2019 ar an débhealach nua ó Bhéal Átha na gCarraigíní go Cúil Mhuine, arb infheistíocht ríthábhachtach é ar mhaithe le sábháilteacht agus rochtain áitiúil.

Bronnadh an conradh chun bóthar Daileacháin an Iarthair a thógáil i Sligeach i Samhain 2018 agus tá obair thógála ar siúl anois ar an tionscadal seo.

A fhad agus a fhaomhann agus a cheadaíonn an Rialtas an cás gnó, tá roinnt tionscadail mhóra bhóithre náisiúnta eile le tús a chur le hobair thógála i mbliana:

- Acomhal Dhún Citil an N8/an N25
- An N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha
- An N5 ó Chathair na Mart go Turlach.

I measc na dtionscadal eile atá le céim bhronnta conartha a bhaint amach, tá seachbhóthar Lios Tuathail i gCiarraí agus bóthar dáileacháin Ó Cuanach go Cnoc an Lisín i Luimneach.

Tá réimse tionscadail mhóra le tabhairt chun críche in 2019, an méid seo a leanas ina measc:

- An N11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh
- Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25
- Bóthar Dáileacháin Theas Phort Laoise
- An t-uasghrádú ar bhóithre Bhaile Adaim agus Nangair.

Tacóidh na tionscadail seo le rochtain ar na réigiúin agus tacóidh siad le patrún níos cothroime d'fhorbairt gheilleagrach agus spásúil.

## 2.3 Geilleagair agus Pobail Neartaithe Tuaithe

Tugadh chun solais go soiléir i dTionscadal Éireann 2040 sprioc bheartais an Rialtais chun tacú le geilleagair agus pobail neartaithe tuaithe agus forbraíodh bearta beartais nua chun an cuspóir seo a bhaint amach.


I measc na mbuaicphointí ar leith a baineadh amach in 2018, seoladh an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe. Beidh buiséad iomlán €1 billiún ag an gCiste i gcaitheamh na tréimhse a fhad le 2027, agus cuireann sé athnuachan tuaithe chun cinn lena chur ar chumas bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe ar an imeall dul faoi bhorradh inbhuanaithe mar áiteanna beoga le cónaí agus le hoibriú iontu.

Seoladh an chéad ghairm ar thograí faoin gCiste in Iúil 2018 agus thug an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi shraith cruinnithe réigiúnacha eolais chun eolas a thabhairt do phríomhpháirtithe leasmhara agus chun feasacht agus spéis a mhúscailt ar an gCiste/sa Chiste. Fuarthas 280 iarratas, ar an iomlán, faoi spriocdháta Mheán Fómhair, agus rinneadh dhá fhógra cistithe. Ar an iomlán, fógraíodh 84 tionscadal ar cuireadh tacaíocht €86 milliún ar fáil dóibh. Léirítear sa Tábla thíos na 10 dtionscadal rathúla ba mhó ón gcéad ghairm.

| Contae | Tionscadal |
|---|---|
| Luimneach, Corcaigh, Sligeach, Baile Átha Clia Cill Mhantáin, Uíbh Fhail Laois | Tionscadal Rothaíochta Sléibhe Idirnáisiúnta €10,262,900 |
| An Clár, Dún na nGall, Gaillimh, Ciarraí, Maigh I Cill Mhantáin | Páirceanna Náisiúnta €3,915,000 |
| Luimneach | Mol Pobail Mhaigh Rua €3,816,451 |
| Gaillimh | Nuálaithe Bia Bhaile Átha an Rí €3,554,000 |
| An Longfort | Móta Stairiúil Ghránaird €2,872,434 |
| An Clár | Tionscadal Seaworld €2,860,000 |
| Luimneach | Glasbhealach Mhórchonair an Deiscir €2,724,657 |
| Cill Dara | Baile Átha Í - Ernest Shackleton €2,707,500 |
| Corcaigh | Tionscadal Leabharlainne Chionn tSá €2,157,375 |
| Lú | Tionscadal Chaisleán Bhaile Átha Fhi €2,147,000 |

Tá i gClár Athnuachana Tuaithe na Roinne faoi Thionscadal Éireann 2040 infheistíochtaí, chomh maith, faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, an Scéim Bonneagar Áineasa Taobh Amuigh, CLÁR agus LEADER. Faomhadh breis agus 4,000 tionscadal i bpobail fud fad na tíre faoi na ceithre scéim seo ón mbliain 2016 ar aghaidh. B'ionann an infheistíocht iomlán i measc na scéimeanna seo agus breis agus €54 milliún in 2018.

**De réir Uimhreacha: An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe**




***Forbairt turasóireachta***

Gné thábhachtach den sprioc bheartais chun pobail agus geilleagair thuaithe a neartú é infheistíocht i dturasóireacht. Cuireadh roinnt tionscadail thábhachtacha chun cinn le bliain anuas:

- Seoladh an branda eispéireas turasóireachta is úire de chuid Fháilte Éireann – Croílár Ceilte na hÉireann ('Ireland's Hidden Heartlands') – in Aibreán 2018. I measc na ngarspriocanna, bhí an chéad fheachtas margaíochta tomhaltóirí intíre, próiseas idirchaidrimh fadréimseach le páirtithe leasmhara ar fud an réigiúin agus tionscnaimh a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar líonra gnó, treoir do chuairteoirí agus eispéiris chuairteoirí.
- Forbraíodh nithe nua agus feabhsaithe is díol spéise do chuairteoirí ar fud ceantair thuaithe. I measc na dtionscadal rathúla, bhí an méid seo a leanas
  - Osclaíodh ionad fáiltithe cuairteoirí agus carrchlós nua ag Teach Solais Fhánada, Contae Dhún na nGall.
  - Críochnaíodh Turas Inbhir na Sionainne – atá dírithe ar chuairteoirí a scaipeadh níos cothroime amach ó na príomhionaid agus iad a thabhairt go háiteanna eile lena mbaineann luach turasóireachta.
  - Bronnadh cistiú ar luach iomlán €1.1 milliún ar naoi dtionscadal faoi *Ré Nua ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin* ('New Horizons on the Wild Atlantic Way').

**Croílár Ceilte na hÉireann**




Foinse: Fáilte Éireann

Seoladh Straitéis an Rialtais um Fhorbairt Glasbhealaí sa Mhóta, Contae na hiarmhí in 2018. Lean gairm ar chistiú é seo agus fuarthas 22 iarratas dó. Fógrófar na hiarratasóirí rathúla i rith Ráithe 2 2019. Críochnófar an Stráice ó Mhaigh Nuad go Baile Átha Luain den Ghlasbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath i mbliana, chomh maith.

Tá infheistíocht á déanamh ag Fáilte Éireann - i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta – i réimse suíomhanna oidhreachta ar fud na tíre, a chuirfidh feabhas mór ar eispéireas agus dearcthaí cuairteoirí ag gach láthair. Tá an infheistíocht á déanamh chun suíomhanna a uasghrádú, taispeántais nua, carrpháirceáil agus láithreacha amhairc aitheanta ina measc.

### *An Plean Náisiúnta Leathanbhanda*

Tá an Rialtas tiomanta i gcónaí chun rochtain ar leathanbhanda ardluais a sholáthar do gach áitreabh in Éirinn. Rinne an Plean Náisiúnta Leathanbhanda infheistíocht tráchtála a mhúscailt sa tseirbhís ríthábhachtach seo. Bhí rochtain ar leathanbhanda ardluais ag níos lú ná 700,000, nó 30%, de gach ceann de na 2.3 milliún áitreabh Éireannach in 2012. Bhí méadú aníos go dtí 74% tagtha air seo amhail Nollaig 2018.

I gcás na n-áitreabh siúd, ar áitribh thuaithe an chuid is mó díobh agus nach bhfuil cinnteacht ar bith ann go ndéanfaidh an earnáil phríobháideach infheistíocht iontu, lean an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil leis an bpróiseas soláthair d'idirghabháil Stáit an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda i rith 2018.

Fuair an Roinn an tairiscint deiridh i Meán Fómhair 2018. Tá measúnú á dhéanamh air seo faoi láthair agus déanfar moladh ina dhiaidh seo don Rialtas.

Sa chás go mbronntar conradh, déanfaidh an chuideachta a cheapfar gréasán ardluais leathanbhanda a sheasfaidh an aimsir a thabhairt isteach, a oibriú agus a bhainistiú laistigh de Limistéar Idirghabhála an Stáit sna chéad 25 bliain eile amach romhainn. Tá 1.1 milliún duine, 540,000 áitreabh, 674 scoil agus 100,000 fiontar sa Limistéar seo ina bhfuil 56,000 feirm agus 44,000 gnólacht.

### *Talmhaíocht, Bia agus Mara*

Soláthraíodh réimse fairsing de thacaíochtaí infheistíochta d'fheirmeoirí, iascairí agus cuideachtaí na hearnála agraibhia i rith 2018.

- Fuair breis agus 4,500 feirmeoir tacaíocht deontais i rith 2018 ar luach iomlán €66.5 milliún d'fheabhsúcháin ar threalamh agus saoráidí ar a bhfeirmeacha faoin scéim Spriocdhírithe Nuachóirithe Talmhaíochta.
- Fuair breis agus 140 táirgeoir gairneoireachta tacaíocht ar luach €5 milliún d'fhoirgnimh agus trealamh speisialta.
- Cistíodh 600 tionscadal nua foraoisithe agus 72 ciliméadar de bhóithre foraoiseachta.
- Infheistíodh €13 milliún, ar an iomlán, i réimse tionscadal i measc na n-earnálacha iascaigh, dobharshaothraithe agus próiseála bia mara.

Leanfar leis na scéimeanna seo i gcaitheamh 2019 agus beidh mar chuspóir acu barr feabhais a chur ar éifeachtúlacht agus inmharthanacht ár bpríomhtháirgeoirí agus ár bpríomhphróiseálaithe sa tréimhse dhúshlánach atá amach romhainn.

I measc na bpríomhthionscadal faoi Chlár Cuanta Iascaigh 2018, bhí Síneadh ar Ché Dhuínse ag Baile Chaisleáin Bhéarra, an t-uasghrádú ar an gCé Thiar i nDún Mór, dreidireacht a dhéanamh ar an gCainéal Thuaidh sa Daingean agus an t-uasghrádú ar an gcé theachta i dtír ag na Cealla Beaga. I measc bhuaicphointí Chlár 2019, bhí leanúint le Síneadh Cé Dhuínse ag Lárionaid Chuan Iascaigh Bhaile Chaisleáin Bhéarra agus an

Síneadh Mín ar an Rinn (Céim 2) ag na Cealla Beaga.

Thit an chéad céim d'infheistíochtaí i dtrealamh amach in 2018 ag an Ionad Bia Tomhaltóra Ullmhaithe ag Teagasc, Baile an Ásaigh. Tabharfar faoin dara céim den tionscadal seo anuas ar fhorbairt shubstainteach ag an Mol Nuálaíochta Bia Náisiúnta ag Teagasc, an Chloch Liath.

### *Údarás na Gaeltachta*

Rinne an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta croíchistiú beagnach €10 milliún a leithdháileadh ar Údarás na Gaeltachta i mbliana chun infheistiú a dhéanamh i dtionscnaimh chruthaithe post agus forbartha fiontraíochta i réigiúin Ghaeltachta, agus cuireadh cistiú caipitil breise ar fáil chun buntacú leis an bPróiseas Pleanála Teanga reachtúil Gaeltachta. Anuas ar a chroíchistiú, d'éirigh leis an Údarás chun beagnach €6 milliún, ar an iomlán, a fháil ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus ón gCiste Forbraíochta Réigiúnaí don bhliain 2019 atá le caitheamh ar roinnt príomhthionscadal sna hearnálacha digiteacha agus muirí.

## 2.4 Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Déantar gealltanas i dTionscadal Éireann 2040 chun córas iompair phoiblí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach le borradh geilleagrach a chumasú agus le freastal ar mhéaduithe suntasacha ar éileamh i measc paisinéirí. Cé go gcríochnófar go leor de na tionscadail mhóra faoin tosaíocht straitéiseach seo i dtreo dheireadh an chláir infheistíochta seo, rinneadh dul chun cinn soiléir in aghaidh na sprice seo in 2018, mar sin féin.

### *BusConnects*

Leanadh leis an bpleanáil agus le dearadh bealaí faoi Chlár BusConnects. Chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an ÚNI) comhairliúchán poiblí fadréimseach ar siúl ar an ngréasán nua busanna a bheartaítear ar fuarthas 30,000 aighneacht ina leith agus ar baineadh rannpháirtíocht ghníomhach amach trí shraith cruinnithe poiblí.

Sheol an ÚNI comhairliúchán poiblí breise ar an gcéad tráinse de cheithre chroíchonair bus i Samhain 2018 a dúnadh ag deireadh mhí an Mhárta 2019.

Tá infheistíocht shubstainteach i dTionscadal Éireann 2040, chomh maith, in iompar poiblí i nGaillimh agus Corcaigh. Leanadh leis an obair ar na scéimeanna seo in 2018 i gcomhpháirtíocht dhlúth leis na húdaráis áitiúla. Thug an ÚNI agus Bus Éireann gréasán bus agus leibhéal seirbhíse isteach a bhí feabhsaithe go suntasach le haghaidh Phort Láirge i mí na Nollag 2018. Éascaíodh an líonra nua agus feabhsaithe trí fhlít úrnua 17 bhfeithicil inrochtana a thabhairt isteach, agus rinneadh feabhsúcháin, chomh maith, ar an mbonneagar stadanna bus, agus cuireadh minicíochtaí feabhsaithe agus uaireanta méadaithe oibre ar fáil trasna an líonra.


Chuir an ÚNI, i gcomhoibriú leis an údarás áitiúil, tús i Luimneach ar obair ar Straitéis Iompair Cheantar Uirbeach Luimnigh-na Sionainne. Tríd an Straitéis sin a thabhairt chun críche, cuirfear cúlra straitéiseach ar fáil le haghaidh gréasán iompair phoiblí feabhsaithe don cheantar agus, má mheastar gur cuí, ceadóidh sé clár BusConnects a thabhairt isteach sa chathair.

### *MetroLink*

Is é Metrolink an scéim aonair is mó atá san áireamh i dTionscadal Éireann 2040 agus tá sé i measc na dtionscadal bonneagair is uaillmhianaí a

cuireadh ar bun in Éirinn riamh. Leagann seo an bhéim ar an ngá atá le comhairliúchán oscailte, leanúnach agus freagrúil le pobail áitiúla a ndéanann an bealach difear dóibh.

**Amlíne Thionscadal MetroLink**




Foinse: An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Chríochnaigh an ÚNI Comhairliúchán Poiblí fairsing ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar i Meitheamh 2018 agus fuarthas 8,000 aighneacht. Chuir na haighneachtaí seo eolas ar fáil d'fhorbairt na Rogha Bealaigh a bheidh faoi réir comhairliúchán poiblí in 2019.

### *Borradh ar éileamh ar iompar poiblí*

Go mór mór, léiríodh in 2018 go bhfuil borradh leanúnach ag teacht ar éileamh ar iompar poiblí. Ar an iomlán, rinne paisinéirí 266 milliún aistear in 2018, arbh ionann sin agus méadú 16 milliún i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

- Tháinig méadú 4 milliún aistear ar an líon aistear a rinne paisinéirí Bhus Éireann.
- Tháinig méadú 13% ar na líonta daoine a d'úsáid seirbhísí Bhus Éireann i gCorcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge – príomhionaid faoi Thionscadal Éireann 2040.
- Chláraigh Bus Átha Cliath a 5ú bliain i ndiaidh a chéile inar tháinig borradh ar líonta paisinéirí i ndiaidh gur tháinig méadú 4 milliún ar an líonta paisinéirí i gcomparáid le 2017.
- Tháinig borradh ar líonta paisinéirí iarnróid i measc sheirbhísí an DART agus Commuter (4-5%) agus Intercity (8.4%).
- Tháinig méadú 11% ar líonta paisinéirí Luas.

## 2.5 Geilleagar Láidir lena dtacaíonn an Fhiontraíocht, an Nuálaíocht agus Scileanna

Tá Tionscadal Éireann 2040 in ainm is geilleagar láidir, lena dtacaíonn an fhiontraíocht, an nuálaíocht agus scileanna, a chur chun cinn. Sprioc ríthábhachtach é seo mar cheann scríbe ann féin agus mar bhealach chun na hacmhainní a sholáthar chun infheistiú a dhéanamh i ngach ceann de na cuspóirí straitéiseacha.

### *Fiontraíocht náisiúnta agus réigiúnach a fhorbairt*

Lean na Gníomhaireachtaí Forbartha Fiontraíochta ag tacú le bonn nuálach agus athléimneach fiontraíochta in 2018. Chuir cliantchuideachtaí an ÚFT borradh fostaíochta 7% i gcuntas, agus bhain fostaíocht i gcuideachtaí ilnáisiúnta an leibhéal is airde riamh amach - 229,057.

Léiríonn torthaí 2018 go bhfuil 58% den fhostaíocht i gcliantchuideachtaí an ÚFT anois lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, arb é sin an leibhéal fostaíochta is airde atá ag an ngníomhaireacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath le stair na heagraíochta anuas, agus cuireadh ní ba mhó post ar fáil sna réigiúin ná mar a rinneadh ag tráth ar bith le 17 mbliana anuas.

Leanann an ÚFT ag oibriú i dtreo cuspóirí eile a leagtar amach ina straitéis cúig bliana, na cuspóirí sin, ach go háirithe, chun an leibhéal infheistíochta a mhéadú idir 30% agus 40% i ngach réigiún lasmuigh de Bhaile Átha Cliath faoin mbliain 2019. Rinneadh dul chun cinn láidir maidir leis seo sa bhliain 2018, agus cruthaíodh 56% de na poist lenar thacaigh Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus thug gach réigiún in Éirinn glanghnóthachain le fios.

**Fostaíocht Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann 2018**

| Réigiún | Poist Iomlána | % Athrú |
|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | 96,760 | 7% |
| An Lár-Oirthear | 13,088 | 7% |
| Lár na Tíre | 5,720 | 14% |
| An Lár-Iarthar | 18,948 | 6% |
| An Teorainn | 11,885 | 3% |
| An tOirdheisceart | 15,580 | 7% |
| An tIardheisceart | 41,108 | 5% |
| An tIarthar | 25,968 | 8% |
| Iomlán náisiúnta | 229,057 | 7% |

Foinse: Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann

In 2019, leanfaidh Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann leis an gcéad chéim dá Chlár Réadmhaoine Réigiúnach. Cuireann an clár réitigh réadmhaoine ar fáil chun infheistíocht isteach i réigiúin na hÉireann a mhealladh, trí thithe nua a thógáil, infheistíochtaí agus uasghráduithe ar pháirceanna gnó agus i suíomhanna lena mbaineann tábhacht straitéiseach. Tá dhá shaoráid ann atá á dtógáil faoi láthair i Luimneach agus Port Láirge. Tá foirgnimh ar na bacáin, chomh maith, do Dhún Dealgan, Gaillimh, Baile Átha Luain agus Ceatharlach. Cuireadh €10 milliún sa bhreis ar fáil i mBuiséad 2019 chun an chéad chéim eile den chlár a chur chun cinn.

Bhain cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann na leibhéil ab airde amach in 2018, chomh maith, agus tá 215,207 duine fostaithe anois acu. Bhí os cionn 60% de na poist nua a cruthaíodh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

**Fostaíocht Fhiontraíocht Éireann 2018**

| Réigiún | Poist Iomlána | % Athrú |
|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | 76,815 | 5% |
| An Lár-Oirthear | 20,266 | 2% |
| Lár na Tíre | 12,349 | 4% |
| An Lár-Iarthar | 21,560 | 5% |
| An tOirthuaisceart | 17,391 | 3% |
| An tIarthuaisceart | 6,341 | 9% |
| An Deisceart | 23,902 | 2% |
| An tOirdheisceart | 22,036 | 5% |
| An tIarthar | 14,547 | 5% |
| Iomlán náisiúnta | 215,207 | 4% |

Foinse: Fiontraíocht Éireann

### *Teicneolaíochtaí bunathraitheacha a chistiú*

Bunaíodh an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha in 2018. Beidh luach iomlán €500 milliún ar an gciste i gcaitheamh na tréimhse a fhad leis an mbliain 2027 agus beidh tacaíocht ar fáil do thionscadail chomhchistithe ina mbíonn baint ag gnólachtaí agus comhpháirtithe taighde. Tá súil leis go rachaidh iarratais a dhéanfar ar an gciste i ngleic le forbairt, imlonnú agus tráchtálú teicneolaíochtaí bunathraitheacha chun réitigh nua a sholáthar trí infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Baineann an chéad ghairm – ina bhfuarthas breis agus 300 léiriú spéise tosaigh - le tionscadail a chisteofar ó 2019 ar aghaidh. Fógraíodh an chéad tráinse de thionscadail rathúla i mí na Nollag 2018.

- Faomhadh 27 Tionscadal, ar an iomlán, faoin ngairm thosaigh seo.
- Bronnfar breis agus €70 milliún ar na tionscadail rathúla a fhad leis an mbliain 2021 agus tá ina measc na hearnálacha sláinte, bia, TFC agus déantúsaíochta in Éirinn.
- Imríonn na tionscadail tionchar agus tá cistiú ar a laghad €1 milliún á lorg acu i gcaitheamh 3 bliana, ina bhfuil baint ag fiontair agus comhpháirtithe taighde.
- Ba bhunriachtanas rannpháirtíocht fiontair bheaga agus mheánmhéide i ngach cuibhreannas.

### *Taighde, forbairt agus nuálaíocht*

Rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann dul chun cinn in aghaidh na bpríomhspriocanna in 2018:

- Seoladh clár €100 milliún chun oiliúint a chur ar mhic léinn PhD agus mháistreacht taighde.
- Tá 20% den chistiú le giaráil ó fhoinsí eile.
- Táthar le tacú le breis agus 600 taighdeoir an-oilte (ag tosú in 2019).

Tugadh tús áite, chomh maith i mBuiséad 2019 d'infheistíocht i mBraislí nua Nuálaíochta agus Teicneolaíochta Réigiúnacha - clár cistithe ilbhliantúil a cheanglaíonn FBManna agus Institiúidí Teicneolaíochta le chéile chun braislí earnála réigiúnacha ar scála a thógáil.

### *#futurejobsireland*

Seoladh *Future Jobs Ireland 2019: Preparing Now for Tomorrow's Economy* i Márta 2019 agus creat uile-Rialtais é don chéad chéim eile d'fhorbairt gheilleagrach na hÉireann. Is ionann Future Jobs Ireland, anuas ar Thionscadal Éireann 2040, Éire Dhomhanda 2025 agus an Plean Uile-Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide a bheidh ag teacht aníos agus cur chuige comhtháite chun ullmhú do na deiseanna agus na dúshláin a chruthóidh an geilleagar amach anseo.

Tá ag éirí go han-mhaith le geilleagar na hÉireann. Tá caighdeáin mhaireachtála ag dul in airde agus bhain fostaíocht na leibhéil is airde riamh amach le blianta anuas. Ní féidir linn bheith réchúiseach in aon chor, áfach. Is léir go bhfuil leochaileacht shuntasach sa gheilleagar intíre, ar nós leibhéil

táirgiúlachta atá ag ísliú in FBManna, easnaimh scileanna agus fáil ar shaothar, anuas ar dhlús i roinnt earnálacha. Cruthaíonn dul chun cinn teicneolaíochta agus an t-aistriú chuig an ngeilleagar ísealcharbóin dúshláin ach cruthaíonn siad deiseanna iomadúla chomh maith céanna fad a dhéanann ár ngnólachtaí agus oibrithe oiriúnú do gheilleagar athraithe.
Díríonn Future Jobs Ireland ar chúig ghné:

1. Nuálaíocht agus Athrú Teicneolaíochta a Fháiltiú
2. Táirgiúlacht FBM a Fheabhsú
3. Scileanna a Fheabhsú agus Tallann a Fhorbairt agus a Mhealladh
4. Rannpháirtíocht sa Lucht Saothair a Mhéadú
5. Aistriú chuig Geilleagar Ísealcharbóin

Déanann Future Jobs Ireland 2019, an chéad cheann de shraith tuarascálacha bliantúla, 26 uaillmhian a bhunú faoi na gnéithe seo a fheabhsóidh athléimneacht ár ngeilleagair agus a chinnteoidh go bhfuil ar chumas gan stró againn chun leas a bhaint as deiseanna geilleagracha amach anseo.




***Breisoideachas agus ardoideachas***

Rinneadh dul chun cinn, chomh maith, in 2018 chun feabhas a chur ar acmhainneacht bhonneagrach san earnáil ardoideachais.

Cuireadh tús le tógáil ar na Cearnóga Láir agus Thoir ag Gráinseach Ghormáin; nuair a chríochnófar iad, lonnófar 10,000 mac léinn de chuid Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath sna foirgnimh seo den chéad scoth.


An Chearnóg Thoir á Tógáil, Gráinseach Ghormáin (grianghraf le caoinchead ó Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin)

Críochnaíodh an foirgneamh nua d'Institiúid Confucius ag UCD agus fáiltíodh roimh a chéad mhic léinn i Meán Fómhair 2018. Anuas air sin, críochnaíodh síneadh mór ar Leabharlann Glucksman ag Ollscoil Luimnigh, a sholáthair 1,200 spás breise staidéir. Fógraíodh tacaíocht spriocdhírithe do threalamh printíseachta i measc Institiúidí Teicneolaíochta chun tacú le siollabais nua-aimseartha agus nuachóirithe phrintíseachta.

Faomhadh roinnt tionscadail nua ardoideachais in 2018 a thuartar a leanfaidh ar aghaidh chuig céim na tógála in 2019. Tá tús curtha cheana féin leis an tógáil ar champas nua innealtóireachta le haghaidh Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ag Uí Chuanach. Anuas air sin, táthar ag súil leis an tógáil a thosú i mbliana ar Fhoirgneamh nua Eolaíocht Spóirt, Sláinte agus Caitheamh Aimsire ag Campas OT Bhaile Átha Cliath i dTamhlacht agus ar athfhorbairt a dhéanamh ar Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann ag Rae an Iarthair.

## 2.6 Nascacht Idirnáisiúnta

Mar gheilleagar beag oscailte, leanann éiginnteacht Brexit agus dúshláin níos fairsinge dhomhanda leis an gcomhthéacs a chruthú ina ndéanann Éire gnó leis an domhan. D'fhéadfaí a rá go mbaineann breis tábhachta anois ná mar a bhain riamh anall le nascacht ardchaighdeáin idirnáisiúnta trínár gcalafoirt agus aerfoirt.

Rinneadh ullmhúchán nach beag sa chéad bhliain de Thionscadal Éireann 2040 do shaoráidí a d'fhéadfadh bheith ag teastáil ag ár gcalafoirt farraige chun Ullmhacht do Brexit a bhaint amach.

Agus é mar chuspóir chun an acmhainneacht a chur ar fáil inar féidir le geilleagar na hÉireann fás, tá sé ríthábhachtach go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá méadú 45% ó 2014 tagtha ar líon na bpaisinéirí agus is infheistíocht ríthábhachtach le linn luathbhlianta Thionscadal Éireann 2040 é an Rúidbhealach Thuaidh. Croílár fhorbairt an Aerfoirt amach anseo a bheidh sa tionscadal seo, a mbaineann ríthábhacht leis, ar a uain sin, maidir le feidhmiú gheilleagar an Oileáin.

Casadh an fód ar an rúidbhealach nua go luath in 2019 agus beidh an rúidbhealach i mbun feidhme faoin mbliain 2021.




An fód á chasadh ag an Taoiseach Leo Varadkar, T.D. agus an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Shane Ross, T.D., le haghaidh thionscadal Rúidbhealach Thuaidh nua Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Tá infheistíocht i gClár na nAerfort Réigiúnach le dul i méid, chomh maith, in 2019. Rinneadh beagnach €3.7 milliún a infheistiú in 2018 i dtionscadail chaipitil ag aerfoirt réigiúnacha Dhún na nGall, Chiarraí agus Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire. Is é an buiséad caipitil don bhliain 2019 €10.4 milliún. Cuirfidh an

soláthar méadaithe leis an gcostas a bhíonn ar thionscadal forleagain an rúidbhealaigh ag Cnoc Mhuire, a chríochnófar i mbliana.

## 2.7 Taitneamhacht agus Oidhreacht Fheabhsaithe

Aithníonn Tionscadal Éireann 2040 an spórt agus an oidhreacht chultúrtha mar ghné bhunúsach in inbhuanaitheacht ár gcathracha, bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe.

### *An Cultúr, an teanga agus an oidhreacht*

Sa chéad bhliain, foilsíodh Infheistíocht a Dhéanamh inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht, 2018-2027, plean deich mbliana ina leagtar amach tiomantas an Rialtais d’infheistíocht chaipitil beagnach €1.2 billiún a dhéanamh i gcultúr, teanga agus oidhreacht na hÉireann mar chuid de Thionscadal Éireann 2040.

Mar chuid den phlean chun €460 milliún, ar an iomlán, a infheistiú inár bhForais Chultúir Náisiúnta, leanfaidh an chéad chéim d’uasghrádú, fairsingiú agus athchóiriú Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Is éard a bhaineann leis seo ná cóiríocht eile a chur ar fáil don Leabharlann in áis shlán, nua-aimseartha agus bhuan. Leanfar leis an obair ar chéim phleanála agus dhearaidh Phlean Forbartha na Cartlainne Náisiúnta d’fhonn leanúint ar aghaidh a fhad le soláthar in 2019.



Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Cuireadh an Scéim Caipitil Ealaíona agus Cultúir i bhfeidhm in 2018.  Tacaíonn an scéim seo le háiseanna ealaíona agus cultúir ar fud na tíre, ionaid ealaíon, amharclanna, dánlanna, músaeim agus spásanna cruthaitheacha ina measc.

- Leithdháileadh cistiú ar 134 tionscadal i gcaitheamh na tréimhse ó 2017 go 2020 agus
- Críochnaíodh 47 in 2018.

I rith na bliana 2018, cuireadh uasghráduithe ar an ngréasán conairí sna Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra, Conair an Diamaint ina measc ag Páirc Náisiúnta Chonamara, agus an Bealach Bán i bPáirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin.

Réamhíocfar €15 milliún, ar an iomlán, chun tacú le Príomhchathair Chultúir na hEorpa, Gaillimh 2020, agus cuirfear cistiú €6 milliún ar fáil in 2019.

### *Infheistiú sa spórt*

Rinne Tionscadal Éireann 2040 soláthar do Chiste Bonneagar Spóirt Mórscála a bhunú ina mbeidh €100 milliún ar fáil sna blianta amach romhainn. Seoladh an Ciste i Samhain 2018 agus bhí sé ar oscailt d’iarratais go dtí lár mhí Aibreáin 2019. Tá súil leis go bhfógrófar na chéad leithdháiltí faoin gCiste nua níos déanaí sa bhliain.

Dúnadh an babhta is déanaí den Chlár Caipitil Spóirt d’iarratais i nDeireadh Fómhair 2018. Faoin spriocdháta sin, bhí an líon ba mhó 2,337 iarratas seolta ar aghaidh. Fógraíodh an chéad sraith leithdháiltí faoin mbabhta seo in Eanáir 2019 (rinneadh leithdháiltí ar luach €7 milliún ar 170 tionscadal). Leantar leis an obair ar mheasúnú a dhéanamh ar iarratais eile agus tá súil leis go bhfógrófar deontais bhreise níos déanaí i mbliana.



Tá an Láthair Náisiúnta faoi Dhíon beagnach críochnaithe.

Ag Féachaint chun cinn go dtí an bhliain 2019, tá forbairt Chéim 2 den Láthair Náisiúnta faoi Dhíon ag Campas Náisiúnta Spórt Éireann beagnach críochnaithe. Bhí dáta críochnaithe sceidealaithe lár 2019 ag an tionscadal, ar cuireadh tús leis in Iúil 2017, ach tá dul chun cinn á dhéanamh aige níos tapúla ná mar a bhí sceidealaithe.

## 2.8 Ísealcharbóin agus Seasmhach ó thaobh na hAeráide

Seo an tosaíocht infheistíochta aonair is mó atá faoi Thionscadal Éireann 2040. Is ionann na tosaíochtaí infheistíochta sa limistéar seo agus athrú mór ar an mbealach a sholáthraíonn Éire cuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide atá in ainm is astaíochtaí carbóin a laghdú go mór i gcaitheamh na tréimhse a fhad leis an mbliain 2030.

Aithnítear sa Phlean Maolaithe Náisiúnta agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta go sainráite nach bhfuil an brath atá ar scéimeanna caiteachais Státchiste, agus orthu siúd amháin, inacmhainne ná leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar scála an dúshláin a bhfuiltear le dul i ngleic leis.

Beidh gá le cothromaíocht spriocdhírithe a bhaint amach idir caiteachas lena dtacaíonn an Státchiste, bearta cánachais, rialáil agus athrú iompraíochta ó ghníomh maolaithe na haeráide. Beidh Éire in ann leas a bhaint as réimse tairbhí amach anseo i dtaobh poist ghlasa inbhuanaithe a chruthú, táirgeadh bia inbhuanaithe, ár slándáil fuinnimh a dhoimhniú, feabhas a chur ar chaighdeán ár saol agus ár dtimpeallachtaí oibre agus tógtha a dhéanamh níos sláintiúla má thugtar faoi ghníomh anois chun na hearnálacha seo a dhícharbónú.

D'fhaomh an Rialtas Plean nua Uile-Rialtais a ullmhú i Samhain 2018 ina leagfar amach na gníomhartha nach mór a dhéanamh i ngach Roinn Rialtais agus comhlacht Stáit chun ceannaire a dhéanamh d'Éirinn i dtaobh freagairt d'athrú aeráide.

I measc na bhforbairtí beartais in 2018, bhí an méid seo a leanas:

- Cuireadh tús leis an gcéad chéim den Scéim Tacaíochta do Theas In-Athnuaite.
- D'fhaomh an Rialtas Scéim Tacaíochta Fuinnimh In-Athnuaite a dhearadh.
- Foilsíodh chéad Ráiteas Beartais Náisiúnta na hÉireann maidir leis an mBithgheilleagar.
- Foilsíodh an Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir le hIdircheangal Leictreachais.

***Infheistíocht ag an Earnáil Tráchtála Stáit***

Rinne an earnáil tráchtála stáit infheistíocht mhór san fhuinneamh sa chéad bhliain de Thionscadal Éireann 2040:

- D'infheistigh BSL breis agus €1.1 billiún agus i dtionscadail ghiniúna in-athnuaite a bhí €250 milliún.
- Chríochnaigh Eirgrid tionscadal an Mhargaidh Leictreachais Aonair Chomhtháite (MLA-C) a cuireadh i bhfeidhm i Meán Fómhair.
- Chuir Eirgrid na hullmhúcháin chun cinn do thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh fhomhuirí a bheartaítear ar luach €1 billiún, i gcomhar le contrapháirteanna Francacha.

Éascóidh an Clár Méadraithe Chliste Náisiúnta dáileadh agus micrighiniúint a fhorbairt, úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí stórála fuinnimh agus bearta méadaithe éifeachtúlachta fuinnimh. Thar rud ar bith eile, ceadóidh sé do thomhaltóirí chun bheith i bhfad níos freagrúla agus idirghníomhaí maidir leis an mbealach a dhéanann siad a n-úsáid fuinnimh, ar an iomlán, a bhainistiú.

Cuirfear tús le Céim a hAon i Ráithe 3 2019, agus tabharfar 250,000 rémhéadar cliste isteach faoi dheireadh 2020. Tabharfar 1 milliún méadar sa bhreis isteach i gcéim a dó faoi dheireadh 2022, agus tabharfar tabhairt isteach na méadar eile chun críche faoi dheireadh 2024.

***An timpeallacht thógtha a dhícharbónú***

Meastar go bhfuil éifeachtúlacht fuinnimh ár bhfoirgneamh a mhéadú ar an modh is cost-éifeachtúla chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus chun aghaidh a thabhairt ar ár dtithe, gnólachtaí agus foirgnimh phoiblí a dhícharbónú.

Sháraigh infheistíocht an Státchiste sa limistéar seo €100 milliún in 2018 a thacaigh le hathruithe inbhuanaithe agus éifeachtúla i dtaobh fuinnimh de i bhfoirgnimh:

- 21,350 teach
- 322 gnólacht
- 37 grúpa pobail.

Anuas air sin, tugadh scéimeanna deontais nua isteach le haghaidh teaschaidéal, grianphainéal agus stóráil cadhnraí agus in 2018, rinneadh 70 foirgneamh poiblí níos tíosaí ar fhuinneamh.

Tacóidh infheistíocht a bheartaítear don bhliain 2019 le 24,000 úinéir tí sa bhreis chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar choigilteas airgeadais, anuas ar thairbhí soiléire timpeallachta a sholáthar.

### *Iompar a dhícharbónú – feithiclí leictreacha*

In 2018, tháinig méadú faoi dhó ar an líon feithiclí leictreacha ar bhóithre na hÉireann. In Eanáir 2019, bhí 843 feithicil leictreach ceadúnaithe - is é seo an líon is airde a ceadúnaíodh i mí ar bith a bhfuil cuntas air.

Thacaigh réimse beart leis an mborradh atá tagtha ar fheithiclí leictreacha, deontais cheannaigh a mhéid le €32,000, faoiseamh ó cháin chláraithe feithiclí a mhéid le €5,000, faoiseamh sochar comhchineáil d'fheithiclí leictreacha cadhnra, deontas a mhéid le €600 i dtreo an chostais a bhíonn ar phointe luchtaithe tí a shuiteáil, deontais a mhéid le €7,000 d'fheithiclí leictreacha san earnáil tacsaithe/fruilcharranna/limisíní, liúntais bhrostaithe chaipitil do ghnólachtaí, ráta íseal de mhótarcháin bhliantúil, agus lascaine ar dholaí bóthair ina measc.

Anuas air sin, cuirfear cistiú a mhéid le €10 milliún ar fáil chun tacú le gluaisteáin leictreacha BSL chun gréasán mearluchtaithe feithiclí leictreacha den chéad scoth a fhorbairt, faoin gcéad ghairm ar iarratais ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide.

### *An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide*

Seoladh ceann eile de na ceithre Chiste de chuid Thionscadal Éireann 2040 - an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide, in 2018. Is é cuspóir an Chiste chun infheistíocht bhreise a ghiaráil i measc comhlachtaí poiblí nó príobháideacha i dtionscnaimh agus idirghabháil nuálach a chuireann le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann a bhaint amach ar bhealach cost-éifeachtúil. Beidh leithdháileadh €500 milliún ag an gCiste i gcaitheamh na tréimhse a fhad leis an mbliain 2027.

Fógraíodh na seacht dtionscadal rathúla ón gcéad ghairm ar iarratais i Samhain 2018. Is ionann a bheidh tacaíocht an Státchiste a chuirfear ar fáil do na tionscadail seo agus €77 milliún, agus déanfar infheistíocht iomlán breis agus €300 milliún i mbearta um ghníomhú ar son na haeráide dá bharr.

### *Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte*

Cuimsítear i dTionscadal Éireann 2040 infheistíocht €1 billiún i mbearta bainistíochta riosca i gcás tuilte sna blianta a fad le 2027 d'fhonn buntacú leis an gclár reatha de scéimeanna faoisimh ó thuilte a sholáthar agus 118 tionscadal nua a thabhairt isteach.

Cláraíodh dul chun cinn tábhachtach in 2018:

- Foilsíodh Pleananna Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte ina dtugtar cuntas ar 118 scéim a bheartaítear chun 11,500 réadmhaoin bhreise a chosaint.
- Fógraíodh cistiú tosaigh €250 milliún don chéad tráinse de na 50 scéim a dtugtar tús áite dóibh.
- Seoladh an láithreán gréasáin www.floodinfo.ie chun rochtain a sholáthar ar phleananna tuile, léarscáileanna tuile agus bainistíocht riosca i gcás tuilte in Éirinn.
- Bhí páirt ghníomhach ag OOP agus Údaráis Áitiúla ó seoladh na pleananna tuile maidir leis na socruithe riachtanach a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm chun na scéimeanna faoisimh ó thuilte a dtugtar tús áite dóibh a chur i bhfeidhm agus tá dul chun cinn maith déanta ag an obair ina leith seo.

Ag féachaint chun cinn i dtreo 2019, tá súil leis go gcuirfear go dtabharfar scéimeanna ríthábhachtacha chun críche sna háiteanna seo a leanas:

- Droichead na Bandan
- Baile Chláir
- Dún Coillín
- Inis Íochtarach
- An Sciobairín

Cuirfear tús le réimse scéimeanna a thógáil in 2019:

- An Linn Dubh, Contae Chorcaí
- An Ghlaise Bhuí/Gleann Maghair, Contae Chorcaí
- Dúglas, Contae Chorcaí

- Morrell Íochtarach, Contae Chill Dara
- Inis Theas, Contae an Chláir
- Dumhach Thrá, Contae Bhaile Átha Cliath.

Leanfar le roinnt scéimeanna a thógáil in 2019, i gCill Dhéagláin, Baile Átha Luain, Cloich na Coillte, an Dothra agus an Teampall Mór ina measc.

## 2.9 Bainistíocht acmhainní uisce agus comhshaoil inbhuanaithe

***Uisce agus fuíolluisce***

Teastaíonn infheistíocht sa ghréasán uisce chun tacú le folláine chomhshaoil agus gheilleagrach. Tosaíodh agus críochnaíodh réimse tionscadail thábhachtacha sa bhliain 2018 ar fud na tíre.

Tá thart ar €2 billiún á infheistiú ag Uisce Éireann sa tréimhse ó 2017 go 2019 chun feabhas a chur ar cáilíocht an uisce óil agus le diúscairt shábháilte fuíolluisce a chinntiú. Tá Uisce Éireann ag leanúint lena infheistíocht chaipitil bhliantúil a mhéadú don tréimhse 2018/2019 agus déanfar infheistíocht os cionn €670 milliún sa bhliain 2018 agus tuartar go ndéanfar infheistíocht de bhreis ar €800 milliún sa bhliain 2019.



I measc na n-éachtaí tábhachtacha in 2018, bhí an méid seo a leanas:

- Críochnaíodh dhá ionad cóireála uisce mhóra nua agus rinneadh ocht gcinn a uasghrádú.
- Críochnaíodh ceithre ionad cóireála fuíolluisce mhóra nua.
- Tugadh 'Fógra chun Uisce a Bheiriú' do 15,000 duine ní ba lú a bhí i bhfeidhm ar feadh breis agus 30 lá.
- Baineadh 22 soláthar uisce ó Liosta Gnímh Cheartaithigh na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus baineadh 25 limistéar ó liosta tosaíochta an GCC i dtaobh limistéar a bhfuil feabhas le cur ar fhuíolluisce iontu.
- Rinneadh beagnach 12,000 Príomhsheirbhís a athsholáthar.
- Ceanglaíodh sé bhaile nach raibh aon áis chóireála fuíolluisce iontu le hionaid chóireála nuathógtha.

- Críochnaíodh oibreacha in 21 baile a liostaítear i bPlean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021.

Tá infheistíocht le méadú aníos go dtí €800 milliún in 2019. Cuirfidh seo réimse aschur ríthábhachtach ar fáil.

I measc na dtionscadal tábhachtach uisce atá le tosú in 2019, tá an méid seo a leanas:

- Scéim Soláthair Uisce Chathair Chorcaí – Uasghrádú ar an Ionad Cóireála Uisce.
- Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach an Sciobairín – Ionad agus Líonra Cóireála Uisce.
- Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Bhéal Átha Seanaidh – Ionad agus Líonra Cóireála Uisce.
- Scéim Soláthair Uisce Sheanchonach/Sruthán na Coille.
- Meastar go ndéanfar naoi n-ionad cóireála fuíolluisce a thógáil as an nua nó a uasghrádú.
- Meastar go ndéanfar 12 ionad cóireála fuíolluisce a thógáil as an nua nó a uasghrádú.
- Meastar go ndéanfar 9,000 príomhsheirbhís a athsholáthar.
- Tá dhá bhaile nach bhfuil aon áis chóireála fuíolluisce iontu le ceangal hionaid chóireála nuathógtha.
- Meastar go dtabharfar gníomhartha ceartaitheacha chun críche in 28 limistéar a shainaithin an GCC mar limistéir thosaíochta le haghaidh feabhsú fuíolluisce.
- Meastar go gcríochnófar oibreacha i 17 mbaile a liostaítear i bPlean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021.
- Meastar go ndéanfar 12 ionad cóireála fuíolluisce a thógáil as an nua nó a uasghrádú.

I measc na dtionscadal tábhachtach fuíolluisce atá le tosú in 2019, tá an méid seo a leanas:

- Píblíne Aistrithe Léim an Bhradáin
- Conradh 2A de Chéim 3 de Scéim Séarachais Ghleann na Life Uachtarach
- Conradh 2B de Chéim 3 de Scéim Séarachais Ghleann na Life Uachtarach
- Scéim Séarachais Bhaile Átha Luain
- Scéim Séarachais Bhaile Bhlainséir.

Gné thábhachtach de Thionscadal Éireann 2040 é dul chun cinn na dtionscadal seo agus cruthóidh sé tairbhí soiléire comhshaoil, sláinte poiblí agus geilleagracha.



Taiscumar Chiarraí.

### *Acmhainní Nádúrtha*

Cuimsítear i dTionscadal Éireann 2040 bearta tábhachtacha as a n-eascróidh tuiscint níos fearr ar chúrsaí geolaíocha. Is é an buntáiste geilleagrach agus comhshaoil a bhaineann leis an obair seo gur féidir leis go leor rioscaí a bhaint agus infheistíocht phríobháideach a spreagadh in acmhainní nádúrtha na hÉireann.

In 2018, lean Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann le hinfheistíocht a dhéanamh i dtuiscint a fháil ar chúrsaí geolaíocha, agus críochnaíodh 22% de léarscáiliú INFOMAR ar ghrinneall na farraige agus 57% de shuirbhéireacht ar eitilt Tellus faoi dheireadh na bliana. Anuas air sin, rinneadh dul chun cinn i limistéir an Léarscáilithe Screamhuisce agus an taighde ar Geo-Eolaíocht. Tháinig méadú in 2018 ar fhostaíocht earnála trí thionscnamh Geo-Eolaíocht Éireann.

## 2.10 Seirbhísí Cúram Leanaí, Oideachais agus Sláinte Ardchaighdeáin

Tháinig borradh sa chéad bhliain de Thionscadal Éireann 2040 ar infheistíocht i scoileanna, cúram leanaí agus seirbhísí sláinte.

### *Infheistíocht i scoileanna*

Baineann breis agus 130 tionscadal mórscála agus 280 tionscadal ar scála níos lú faoin Scéim Cóiríochta Breise le gníomhaíocht tógála in 2018 agus isteach in 2019. Soláthróidh na tionscadail seo an méid seo a leanas:

- Thart ar 40,000 áit bhreise agus ionaid scoile.
- Breis agus 600 foirgneamh réamhdhéanta a athsholáthar.
- Saoráidí feabhsaithe spóirt trí 48 Halla Corpoideachais a thógáil agus a nuachóiriú ar leibhéal iar-bhunscoile agus 82 seomra Ilchuspóra ar leibhéal bunscoile.
- Breis agus 200 saotharlann nua-aimseartha eolaíochta a thacóidh leis na curaclaim eolaíochta a sholáthar agus Ríomheolaíocht a thabhairt isteach mar ábhar Ardteistiméireachta.

Gheall Tionscadal Éireann 2040 chun €420 milliún a infheistiú chun cabhrú leis an Straitéis Dhigiteach a chur i bhfeidhm do Scoileanna chun úsáid éifeachtach na teicneolaíochta digití a leabú sa mhúinteoireacht, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.

Tá súil leis go ndéanfaidh gach scoil Plean Foghlama Digití a chur le chéile agus úsáid á baint as cur chuige uile-scoile agus a comhthéacs agus a cúinsí á gcur san áireamh. Tabharfar cuntas sa Phlean ar fhís na scoile maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa mhúinteoireacht, san fhoghlaim agus sa mheasúnú agus chun spriocanna agus tosaíochtaí a chuimsiú le haghaidh feabhsú agus forbartha.

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann bainteach faoi láthair i scéim phíolótach iarfheistithe atá tíosach ar fhuinneamh do scoileanna. Tá iarfheistiú domhain fuinnimh i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a tógadh roimh 2008 á chur chun cinn, ag féachaint leis an úsáid fuinnimh is fearr agus an caomhnú is mó a dhéanamh i bhfoirgnimh scoile. Is éard a bheidh i gceist le toradh níos fadtéarmaí an chláir phíolótaigh ná chun samhail chruinn agus inscálaithe a chruthú d'iarfheistiú atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh de a dhéanamh i scoileanna ar fud na hÉireann.

Faoi Thionscadal Éireann 2040, íoctar an Deontas Mionoibreacha ar bhonn bliantúil leis na bunscoileanna go léir. Cuireadh breis agus €28 milliún ar fáil faoin gclár in 2018 do scoilbhliain 2018/2019. Anuas air sin, cuireadh €23 milliún, ar an iomlán, ar fáil in 2018 faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh.

### *Tionscadail chúram sláinte*

Tá 127 Ionad Cúraim Phríomhúil go hiomlán oibríochtúil anois ar fud na tíre agus osclaíodh 18 gcinn le bliain anuas.

Tá céim dhearaidh, phleanála nó thógála bainte amach ag 37 láthair bhreise agus meastar go mbeidh 11 cheann díobh seo ag feidhmiú in 2019.



Ionad Cúraim Phríomhúil Chlár Chlainne Mhuiris

Tá bunspriocanna inghnóthaithe á gcur chun cinn ag an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus é mar chuspóir tabhairt isteach córais agus bonneagar ríomhshláinte, an Taifid ar Shláinte Leictreonach, Ríomhchogaisíochta, an Chórais Bhainistíochta Airgeadais Comhtháite agus príomhchóras cliniciúil ina measc a bhrostú.

In 2019, is é an leithdháileadh caipiteal tógála €642 milliún agus déanfar é seo a bhainistiú chun luach ar airgead a bhaint amach nuair a bhíonn tionscadail mhóra á gcur chun cinn.

### *Éire Shláintiúil*

Tháinig fairsingiú ar thionscnamh Cathracha agus Contaetha Sláintiúla de chuid Éire Shláintiúil in 2018 agus áirítear anois leis trí Chathair agus Chontae Shláintiúla chreidiúnaithe dhéag, agus tá fairsingiú breise ar na bacáin sa bhliain 2019. D'eascair an tionscnamh ó Chlár Cathracha Sláintiúla an EDS agus tacaíonn sé le pobail shláintiúla agus comhoibriú a chruthú chun beartas náisiúnta a chur i bhfeidhm go háitiúil. Tacaíonn Ciste Éire Shláintiúil agus Feachtas Cumarsáide Éire Shláintiúil leis an tionscnamh seo.




Tacaíonn Ciste Éire Shláintiúil leis an Straitéis *Éire a Spreagadh chun Siúil (Get Ireland Walking)* a chur i bhfeidhm, agus le Straitéis *Éire a Spreagadh chun Rothaíochta (Get Ireland Cycling)* a fhorbairt, ag oibriú i gcomhar le Spórt Éireann agus príomhpháirtithe leasmhara eile. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le cur i bhfeidhm - tá breis agus 1,100 grúpa siúil bunaithe anois.

Tacaíonn Éire Shláintiúil, chomh maith, le Velo-City, comhdháil idirnáisiúnta thábhachtach agus a bhfuil bunú daingean faoi a dhíríonn ar thodhchaí agus forbairt gach gné den rothaíocht. Tá Velo-City á chur ar siúl i mBaile Átha Cliath i Meitheamh 2019, faoi stiúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

## 2.11 Infheistíocht níos fairsinge

Cuimsítear i dTionscadal Éireann 2040, chomh maith, réimse infheistíochta níos fairsinge i limistéir thábhachtacha.

### *An earnáil cheartais*

Tá tionscadail ar bun go leanúnach i sraith thionscadail Cheartais na n-oibreacha caipitil. In 2018, críochnaíodh trí cheanncheathrú roinne an Gharda Síochána i mBaile Átha Cliath (Sráid Chaoimhín), Cathair na Gaillimhe agus Baile Loch Garman ar chostas iomlán thart ar €100 milliún. Ina theannta sin rinneadh tógáil agus athfhorbairt seacht n-ionad Teach Cúirte trí Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí i rith 2018.

Cuireann cistiú Thionscadal Éireann 2040 coimpléasc nua Cúirt Dlí Teaghlaigh agus Leanaí ar fáil ag Lána an Chrochaire, Baile Átha Cliath agus roinnt stáisiúin agus saoráidí nua ar fáil don Gharda Síochána. Tá céim phleanála agus dhearaidh bainte amach ag na tionscadail seo faoi láthair agus cuirfidh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i gcrích go luath iad i gcomhairle leis an tSeirbhís Chúirteanna agus an Garda Síochána.

Tá cistiú suntasach á infheistiú i gclár comhtháiteach de chórais nua TFC chun cabhrú le hacmhainneacht an Gharda Síochána a bharrfheabhsú chun freastal ar riachtanais phóilíneachta reatha agus amach anseo.

Tá príomhthionscadail eile i limistéar an Cheartais ar siúl faoi láthair:

- Saotharlann Eolaíochta Fóiréinsí nua - cuirfear tús leis an tógáil in 2019 ag suíomh Bhacastúin i gContae Chill Dara.
- Clár leanúnach athchóirithe don tSeirbhís Chúirteanna.
- Obair mhór forbartha i bPríosún Luimnigh.
- Uasghrádú fhlít an Gharda Síochána.
- Clár leanúnach cothabhála agus nuachóirithe do stáisiúin Ghardaí.

### *Bainistíocht Eastáit*

Cuireann Tionscadal Éireann 2040 cistiú ar fáil do OOP chun tacú le líon limistéar, cóiríocht oifige a fhorbairt ina measc sin.

Leanadh le hobair in 2018 maidir le rialacháin sláinte agus sábháilteacht foirgníochta a chomhlíonadh nuair a bhíonn foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh á dtógáil agus á n-iarfheistiú.

# Mír 3:
# An Toise Spásúil


Leagtar amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta (an CPN) an fhís agus an straitéis chun ár dtír a fhorbairt a fhad leis an mbliain 2040 agus cuirtear infheistíocht chumasaithe ar fáil sa Phlean Forbartha Náisiúnta (an PFN) chun an straitéis a chur i bhfeidhm.

Is iad an CPN agus an PFN, i dteannta a chéile, an dá cholún de Thionscadal Éireann 2040, ina leagtar comhfhís do phleanáil agus infheistíocht chomhordaithe, a nascann tosaíochtaí forbartha spásúla agus feabhsú ár mbonneagair. Chuir foilsiú an PFN tús le próiseas d'athchóiriú agus de bharrfheabhsú suntasach ar phróiseas pleanála na hÉireann, a neartaigh a dhearcadh agus rialachas straitéiseach agus baineadh roinnt príomhéachtaí amach in 2018.


## 3.1 Ullmhú a dhéanamh do chur i bhfeidhm

Teastaíonn meicníochtaí éifeachtacha agus soiléire um chur i bhfeidhm ó éachtaí Thionscadal Éireann 2040 a bhaint amach, ar nós borradh dlúth[3]. I ndiaidh gur seoladh an PFN, foilsíodh straitéis um chur i bhfeidhm do na gnéithe spásúla i mBealtaine 2018.

Ullmhaíodh agus foilsíodh an cháipéis seo i ndiaidh comhairliúchán forleathan a dhéanamh le páirtithe leasmhara. Téitear i ngleic ann le ceisteanna ar nós réamh-mheastacháin ar an daonra agus ar an sainmhíniú ar Cheantair Uirbeacha mar chuid de na hullmhúcháin atá á dhéanamh do phróisis na Straitéise Spásúlachta agus Geilleagraí Réigiúnaí (SSGR) atá le críochnú níos déanaí in 2019.




[3] Cuirtear eolas breise ar fáil i Mír 4 ar an réimse Socruithe um chur i bhfeidhm a bunaíodh in 2018.



Ireland's Three Regions
Targeting a level of growth in the country's Northern and Western and Southern Regions combined, to at least match that projected in the Eastern and Midland Region.
Compact Growth
Targeting a greater proportion (40%) of future housing development to be within and close to the existing 'footprint' of built-up areas.
DERRY/ LONDONDERRY
LETTERKENNY
Northern Ireland
BELFAST
SLIGO
NEWRY
DUNDALK
DROGHEDA
Northern and Western Regional Assembly Area
ATHLONE
DUBLIN
GALWAY
Eastern and Midland Regional Assembly Area
CITIES
REGIONAL CENTRES
CROSS BORDER NETWORK
LIMERICK
Southern Regional Assembly Area
WATERFORD
CORK
Ireland's Rural Fabric
Reversing town/village and rural population decline, by encouraging new roles and functions for buildings, streets and sites.
Ireland's Cities
Supporting ambitious growth targets to enable the four cities of Cork, Limerick, Galway and Waterford to each grow by at least 50% to 2040 and to enhance their significant potential to become cities of scale.
Ireland's Capital
Supporting the future growth and success of Dublin as Ireland's leading global city of scale, by better managing Dublin's growth to ensure that more of it can be accommodated within and close to the City.
23

## 3.2 Pleanáil do na Réigiúin

Tá aidhmeanna ardleibhéil Thionscadal Éireann 2040 le tabhairt chun críche ar leibhéil réigiúnacha agus áitiúla.

Dá réir, tá Straitéisí Spásúlachta Réigiúnacha agus Geilleagracha á n-ullmhú ag gach ceann de na trí Thionól Réigiúnacha. Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2018 agus foilsíodh na trí SSGR mar dhréachtaí le haghaidh comhairliúcháin, agus críochnaíodh an tréimhse chomhairliúcháin phoiblí i Ráithe 1 de 2019.

Tabharfar gach ceann de na trí Straitéis Réigiúnacha chun críche agus glacfar leo in 2019. Spreagfaidh seo próiseas athbhreithnithe ina dhiaidh sin do phleananna forbartha contae agus cathrach údaráis áitiúil, a chinntíonn comhordú agus comhsheasmhacht straitéiseach idir leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Chun tacú leis an bpróiseas athbhreithnithe agus é a threorú, nuashonrófar Treoirlínte reachtúla d'Údaráis Phleanála maidir le Pleananna Forbartha níos déanaí in 2019.

**Réigiúin na hÉireann agus Tuaisceart Éireann**




## 3.3 Athrú institiúide a chur chun cinn

***An Ghníomhaireacht Forbartha Talún***

Bainfidh soláthar na gcuspóirí borrtha dhlúith san CPN tairbhe as úsáid níos fearr agus níos straitéisí a bhaint as tailte poiblí. Bunaíodh an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (an GFT) lena chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as talamh an Stáit, agus é mar chuspóir straitéiseach uileghabhálach chun suíomhanna a chomhordú le haghaidh athghiniúna agus forbartha, go háirithe le haghaidh soláthar, agus díriú, i gcomhthráth, ar leas an phobail, ar an iomlán, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi úsáid talún. Sainaithníodh tráinse tosaigh ocht suíomh straitéiseacha agus tá tús á chur le hobair ar a bhforbairt faoi láthair.

Bunaíodh an GFT faoin reachtaíocht thánaisteach i Meán Fómhair 2018. D'fhaomh an Rialtas an Bille fán nGníomhaireacht Forbartha Talún, 2018, i mí na Nollag 2018, lena chumasú an GFT a bhunú faoin bpríomhreachtaíocht.

Cuirfidh an GFT tús le dearadh, pleanáil agus le hoibreacha ullmhúcháin eile ar a shuíomhanna láithreach, agus cuireadh tús le tógáil ar na chéad tithe in 2019 agus tá súil leis go gcuirfear ar fáil iad go luath in 2020.

Baineann croí na deise a chuireann an GFT ar fáil le tiomsú talún straitéiseach fadtéarmach, ar féidir lena mhéid le 150,000 teach a sholáthar i gcaitheamh tréimhse 20 bliain.

| | |
|---|---|
| **10,000 homes** | **From the initial pipeline of State land** |
| **40%** | **Social and affordable homes** |
| **150,000 homes** | **To be delivered in the period to 2040** |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Leanfar ar aghaidh le dul chun cinn ar an tráinse tosaigh d'ocht suíomh a sainaithníodh go dtí seo.

***Oifig an Rialálaí Pleanála***

Bunaíodh Oifig an Rialálaí Pleanála (ORP), chomh maith, sa chéad bhliain de Thionscadal Éireann 2040.

Beidh ORP freagrach as measúnú a dhéanamh ar an bpleanáil chun cinn go léir a dhéanfaidh údarás áitiúil agus tionól réigiúnach, na cinntí a dhéanfar ina measc faoi chriosú.

Cinnteoidh an Rialálaí go mbíonn údaráis phleanála ag oibriú i leith na gcaighdeán is airde iomláine agus dea-chleachtais agus go gcinntíonn siad go bhfuil na cinntí beartas pleanála a dhéantar ina róil déanaimh plean forbartha ar aon dul le beartais náisiúnta agus réigiúnacha, faoi mar a leagtar amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta agus sna Straitéisí Spásúlachta Réigiúnacha agus Geilleagracha.

Beidh an chumhacht ag an Rialálaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar eagrú, na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann aon údarás pleanála nó an Bord Pleanála.

Beidh an chumhacht ag an Rialálaí, chomh maith, chun comhairle a chur ar an Aire maidir le cibé acu an dtagann nó nach dtagann plean a rinne údarás áitiúil salach ar an mbeartas pleanála náisiúnta agus a mholadh go ndéanann an tAire treoracha nuair nach sásaíonn aon phlean beartas náisiúnta.

De bhreis air sin, cuirfidh ORP cláir náisiúnta thaighde, oideachais agus eolais phoiblí chun cinn chun béim a leagan ar ról agus tairbhe na pleanála, lena n-áireofar monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an CPN.

# Mír 4:

# Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm a Athchóiriú

Leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta réimse meicníochtaí nua atá in ainm is cur i bhfeidhm gan deacrachtaí an réimse tionscadail agus cláir mhóra a chuimsítear i dTionscadal Éireann 2040. Bunaíodh roinnt struchtúir nua i rith 2018 chun an díriú ar sholáthar a neartú. Anuas air sin, tá clár nua athchóirithe ar bun go leanúnach chun luach ar airgead, cinnteacht chostais agus críochnú tráthúil cláir infheistíochta mhóra phoiblí a chur chun cinn.

## 3.1 Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm


Bunaíodh Bord Soláthair Thionscadal Éireann 2040, ina bhfuil Ard-Rúnaithe ó na príomh-Ranna caiteachais chaipitiúil, in 2018 agus casann siad ar a chéile go rialta le ceannaireacht éifeachtach an phróisis um chur i bhfeidhm a chinntiú. Croífheidhm den Bhord Soláthair is ea soláthar tionscadal agus beartas a rianú maidir le hinfheistíocht chaipitil agus pleanáil spásúlachta araon. Tá maoirseacht á déanamh ag an mBord Soláthair ar an dul chun cinn atá á déanamh ag Straitéisí Spásúlachta Réigiúnacha agus Geilleagracha a fhorbairt, tá maoirseacht á déanamh aige ar an gCód Caiteachais Phoiblí a nuashonrú agus tá dúshláin fhéideartha á sainaithint aige atá roimh chur i bhfeidhm rathúil Thionscadal Éireann 2040.

Uirlis thábhachtach chumasaithe don Bhord Soláthair is ea an Rianaitheoir Tionscadail agus Cláir Infheistíochta, a foilsíodh i dtosach i Samhain 2017. Cuireann an Rianaire nuashonrú ilchodach ar fáil ar an dul chun cinn atá déanta ag gach infheistíocht mhór a chuimsítear i dTionscadal Éireann 2040.

Rinneadh forbairt bhreise ar an Rianaitheoir chun eolas níos mionsonraithe a chur san áireamh ar dhul chun cinn atá á dhéanamh ag tionscadal, ceangal níos soiléire leis na Cuspóirí Straitéiseacha Náisiúnta faoin bplean agus cláir infheistíochta níos fairsinge a chuimsiú sa chéad bhliain de Thionscadal Éireann 2040.

Nuálaíocht bhreise a bhí in uirlis nua idirghníomhach léarscáilithe ar líne a fhorbairt, *myProjectIreland* a sholáthraíonn nuashonrú ar thionscadail a dtugtar tús áite dóibh i measc na réigiún go léir. Príomhghné de rannpháirtíocht saoránach é seo a chuirfidh eolas nuashonraithe ar fáil ar dhul chun cinn i measc na réigiún go léir.

### An phíblíne infheistíochta a léarscáiliú




Foinse: Tionscadail Infheistíochta agus Oifig na gClár

Cuirfidh seoladh na huirlise léarscáilithe agus na sonraí faoin bpíblíne tionscadal an t-eolas ar fáil don tionscal tógála chun pleanáil agus ullmhú a dhéanamh do dheiseanna tráchtála chun tairiscint a dhéanamh do thionscadail.

Ar a bharr sin, cainéal tábhachtach cumarsáide a bheidh ann do shaoránaigh i ngach réigiún maidir le forbairtí reatha agus amach anseo ina bpobail.

## 3.2 Comhpháirtíocht a chruthú leis an tionscal

Baineann ríthábhacht le hearnáil inbhuanaithe agus nuálach chun Tionscadal Éireann 2040 a sholáthar go héifeachtúil agus ar mhaithe leis an tairbhe níos fairsinge gheilleagrach a chruthaíonn an earnáil tógála ar fud na réigiún.

Lena cabhrú forbairt na hearnála a chothú agus plé rialta agus oscailte idir an tionscal agus an Rialtas a chinntiú, bunaíodh an Grúpa Earnáil Tógála (GET) in 2018. I rith na bliana, chuaigh rannpháirtíocht idir an tionscal agus an Rialtas i ngleic le saincheisteanna earnála, ar nós costas, soláthar saothair, táirgiúlachta, agus bainistíocht dramhaíola. Tá an grúpa ag oibriú chun inbhuanaitheacht agus beogacht an tionscail tógála a bhaint amach. Is iad na comhlachtaí tionscail a ndéantar ionadaíocht dóibh:

- Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- Comhdháil na gCeardchumann
- Cónaidhm na nÁbhar Tógála
- Innealtóirí Éireann
- Cumann Shuirbhéirí Cairte Éireann
- Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann
- Cumann Innealtóirí Comhairleacha na hÉireann
- Institiúid Pleanála na hÉireann.

Chas an Grúpa lena chéile go rialta agus tá clár oibre uaillmhianach á thabhairt chun cinn acu don bhliain 2019.

In 2019, glacfaidh an GET le ról tábhachtach chun béim a leagan ar na rioscaí aghaidh na srianta a bheidh ar an earnáil aghaidh chun gníomhartha a dhearadh faoina dtabharfaidh an tionscal aghaidh Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais.

Croí-aschur den GET ina chéad bhliain is ea foilsiú na Tuarascála BUILD: Feidhmíocht agus Ionchais na hEarnála Tógála 2019




Tá sa chlár oibre don bhliain 2019 cúig cholún thábhachtacha.

**Colúin oibre 2019 Grúpa na hEarnála Tógála**

- Communicate for industry confidence
- Secure the skills pipeline
- Drive productivity improvement
- Improve value for money
- Lead a sustainable industry

Foinse: Tionscadail Infheistíochta agus Oifig na gClár

In 2019, beidh measúnú á dhéanamh ag Bord Soláthair Thionscadal Éireann agus ag Grúpa na hEarnála Tógála ar líon tograí chun cabhrú leis an tionscal chun acmhainneacht a fhairsingiú, scileanna a fháil, agus táirgiúlacht, inbhuanaitheacht agus borradh a chumasú. Áirítear leo seo:

- Glacadh méadaithe le teicneolaíocht ar fud an tionscail agus úsáid fheabhsaithe a bhaint as Samhaltú Faisnéis Tógála (SFT).
- Úsáid níos fearr a bhaint as réamhdhéanamh agus as tógáil lasmuigh den láthair.
- Mol lárnach a bhunú le haghaidh foghlama agus forbartha maidir le SFT a dhéanfaí a choimeád laistigh de ghníomhaireacht reatha stáit nó d'institiúid reatha ardoideachais, a chisteofaí trí acmhainní príobháideacha agus poiblí agus a mbeadh méadracht shoiléir aige chun úsáid SFT a chur chun cinn ar fud an tionscail.
- Tionscnaimh le deiseanna a thaispeáint atá san earnáil tógála do ghnóthais agus oibrithe thar lear chun feabhas a chur ar acmhainneacht agus iomaíocht.

Tá roinnt gníomhartha ar bun cheana féin. Tá an Oifig Tionscadail agus Cláir Infheistíochta san RCPA ag tabhairt faoi staidéar mionsonraithe chun moltaí a chur le chéile chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht sa tionscal bunaithe ar chleachtas idirnáisiúnta. Tá an Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna Amach Anseo ag tabhairt faoi staidéar ar riachtanais scileanna san earnáil.

## 3.5 Roghnú, breithmheas agus soláthar tionscadal a athchóiriú

Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn nach beag déanta ag Éirinn i dtaobh tionscadail a sholáthar in am agus laistigh den bhuiséad. Níl an buiséad á shárú ag tionscadail i measc fhormhór na n-earnálacha. Tá dul chun cinn mór déanta le blianta beaga anuas, ach go háirithe, i ngairmiúlacht na bainistíochta tionscadal san earnáil uisce agus i limistéar na mótarbhealaí agus an iompair phoiblí.

Dá ainneoin sin, is soiléir nach mór dul i muinín thaithí Ospidéal Náisiúnta na Leanaí lena chinntiú go seachnaítear an saghas seo costais amach anseo. Tá roinnt próisis athchóirithe á dtabhairt chun cinn ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag an Oifig um Sholáthar Rialtais le meicníochtaí breithmheasa tionscadal níos fearr a chinntiú, le tionscadail a sholáthar ar bhealach níos 'tráchtála' agus le meastachán agus bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar chostais tionscadail.

### *Acmhainneacht na hearnála poiblí a chinntiú*

In 2019, tabharfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi Athbhreithniú Acmhainneachta ar chomhlachtaí earnála poiblí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Ceachtanna a fhoghlaim ó na hearnálacha ardriosca – bóithre, mar shampla – ar féidir iad a chur i bhfeidhm ar limistéir eile.
- Struchtúir agus scileanna nua a neartú agus a thógáil chun cleachtais soláthair tionscadail an Stáit a fhorbairt agus a nuachóiriú.

Tabharfar faoin athbhreithniú seo le tacaíocht ó Sheirbhís Tacaíochta Athchóirithe Struchtúraigh an AE.

### *An Cód Caiteachais Phoiblí a nuashonrú*

Tá a nuashonrú ar an gCód Caiteachais Phoiblí á thabhairt chun cinn ag an Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun tacú le Tionscadal Éireann 2040 a chur i bhfeidhm.

In 2018, críochnaíodh roinnt mhaith anailíse chun na paraiméadair theicniúla a nuashonrú le haghaidh breithmheas geilleagrach a bhuntacaíonn le tionscadail mhóra a roghnú, a chinntiú go bhfuil an praghas cuí ar charbón i gcinntí infheistíochta a dhéanann comhlachtaí poiblí ina measc sin. Áirítear leis seo athruithe ar conas a chuirfidh an tionchar aeráide a imreoidh tionscadal a bheartaítear eolas ar fáil do chinnteoireacht faoi infheistíocht.

Leanfar le hobair ar an gCód in 2019, agus tá na spriocanna seo a leanas le baint:

- Treoir maidir le breithmheas caipitil a neartú agus a chomhchuibhiú, treoir níos fearr maidir le breithmheas airgeadais, anailís ilchritéir, anailís ar chost-éifeachtúlacht, anailís ar íogaireacht, agus breithmheas cláir ina measc.

- Soiléireacht níos fearr a bhaint amach maidir le rialachas agus róil agus

freagrachtaí, go háirithe maidir le cé hé an tÚdarás Ceadaithe agus cé hé an Ghníomhaireacht Urraíochta le haghaidh tionscadail mhóra.

- Meicníochtaí nua a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar chruinneas na meastachán ar chostas.

- Saolré an tionscadail a athbhreithniú chun réadúlacht an tsoláthair tionscadail a léiriú.

- Rianaitheoir Caipitil Thionscadal Éireann 2040 a chomhlánú chun monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail agus costais.

- Trédhearcacht a mhéadú agus an bonn fianaise a fheabhsú trí eolas a fhoilsiú ar bhreithmheas agus measúnú ar thionscadail infheistíochta poiblí, CPPanna ina measc.

***Soláthar mór tionscadail a athchóiriú***

In 2019, tabharfaidh an Oifig um Sholáthar Rialtais athchóirithe móra chun cinn ar conas a dhéanaimid tionscadail mhóra a sholáthar agus a éadáil.
Buntacaíonn trí phrionsabal leis an obair – Straitéis, Riosca agus Feidhmíocht - a chuireann creat ar fáil chun an chéad ghlúin eile den *Chreat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla* a fhorbairt.

**1. Straitéis Soláthair agus Conraitheoireachta**

- Deimhnigh an straitéis soláthair agus conraitheoireachta is fearr agus aird á tabhairt ar cháilíocht na sócmhainne oibríochtúla, na n-acmhainní atá ar fáil, agus próifíl riosca an tionscadail.

- An bealach is éifeachtúla a sholáthar chun na hacmhainní riachtanacha a chur i gníomh, bíodh sainchomhairleoirí nó conraitheoirí i gceist leo, ar bhealach a shásaíonn na rialacha soláthair agus beartas Rialtais.

**2. Riosca**

- Iarr ar rioscaí a shainaithint ón gcéim is luaithe den tionscadal.

- Leag na híoschaighdeáin amach don eolas a theastaíonn ó gach céim d'fhorbairt tionscadail.

- Deimhnigh cé hiad na daoine is fearr chun an méid seo a leanas a dhéanamh riosca a bhainistiú ag na céimeanna éagsúla d'fhorbairt tionscadail.

**3. Feidhmíocht**

- An bealach a chur ar fáil chun feidhmíocht tionscadail agus a phríomhghníomhairí a thomhas fad a bhíonn sé á sholáthar agus fad a bhíonn sé á oibriú ina dhiaidh sin.

- An bealach a chur ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí tionscadail lena dheimhniú cibé acu ar shásaigh nó nár shásaigh siad a gcuspóirí agus a chinntiú go gcuireann an méid a foghlaimíodh eolas ar fáil do thionscadail a sholáthrófar amach anseo.

Trí oibriú le Grúpa na hEarnála Tógála agus le páirtithe leasmhara eile, déanfaidh an próiseas idirchaidreamh leis an tionscal maidir le príomhthéamaí ar nós an mhéid seo a leanas:

- Athrú praghais a bhaineann le boilsciú.

- Bainistíocht riosca.

- Cáilíocht níos fearr a chruthú: cothromaíocht phraghais i mbronnadh conarthaí.

- Glacadh le Samhaltú Faisnéis Tógála i dtionscadail oibreacha poiblí.

- Riachtanais dliteanais, slánaíochta agus árachais.

- Measúnú feidhmíochta.

- Comhoibriú a spreagadh.

Beidh athrú bríoch ar bheartas mar thoradh ar na próisis athchóirithe seo, i dteannta a chéile, agus cabhróidh siad le luach níos fearr ar airgead a sholáthar don cháiníocóir fad a bhíonn Tionscadal Éireann 2040 á chur i bhfeidhm.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland